



Clár Oiliúna d’Fheidhmeannaigh Dhíolacháin

Tá ríméad ar CavanBox an deis forbartha gairme ar leith seo a fhógairt i gcomhar le Bord Oideachais agus Oiliúna Mhaigh Eo, Liatroma agus Shligigh (MSLETB). Is éard a bheidh i gceist post mar Fheidhmeannach Díolacháin chomh maith le tabhairt faoi chlár oiliúna i ndíolachán gairmiúil. Bainfidh na hiarrthóirí a n-éireoidh leo Sainteastas Leibhéal 6 QQI amach i nDíolachán agus ag am céanna beidh siad ag “saothrú agus ag foghlaim” i CavanBox - an comhlacht pacáistithe rocaigh is fearr in Éirinn agus an t-aon cheann faoi úinéireacht ag Éireannaigh.

Táimid ag lorg ceathrar gairmithe díolacháin atá uailmhianach agus treallúsach. Déanfaidh tú do ghairm mar ghairmí díolacháin a fhorbairt, beidh oiliúint fhoirmiúil, chreidiúnaithe le fáil agat chomh maith le bheith ag saothrú lena linn.

Forléargas ar an gClár

Tá an clár printíseachta leagtha amach chun deiseanna oiliúna, forbartha agus dul chun cinn den chéad scoth a chur ar fáil i CavanBox. Is deis “foghlaim agus saothrú” atá i gceist atá leagtha amach chun an printíseach a chumasú agus ag an am céanna a bheidh ag obair chun Sainteastas Leibhéal 6 QQI (Dearbhú Cailíochta agus Cailíochtaí Éireann) i nDíolachán a bhaint amach. Ag tosú i mí Mheán Fómhair 2020, beidh an cúrsa ar siúl go ceann tréimhse 2 bhliain - na tiomantais a bhaineann leis an oiliúint agus oideachas foirmiúil díolacháin lasmuigh den phost san áireamh. Tá an clár leagtha amach agus dírithe ar dhaoine atá tar éis an scoil a fhágáil/a chríochnú nó ar ghairmithe atá ag féachaint lena gcuid scileanna a fhorbairt nó daoine ar mian leo gairm a athrú. Tá tuilleadh eolais faoi ghnéithe acadúla an chúrsa chomh maith leis an gcreidiúnú le fáil anseo:

<https://msletbtrainingcentres.ie/sales-apprenticeships/>

Forléargas ar CavanBox

I 1984 a bunaíodh CavanBox. Fréamhaithe i gceartlár na hÉireann, tá ríméad orainn a bheith ar an aon tairgeoir boscaí Éireannach atá fanta. Tá na mórdheimhnithe ar fad a bhaineann le táirgeadh boscaí rocacha bainte amach agus coinnithe ag an gcuideachta. Is ceannródaí sa mhargadh agus sa tionscal an tsaoráid atá againn ó thaobh déantúsaíocht ar chostas íseal, saoráid táirgthe de scoth an domhain ina bhfostaítear 100 saineolaí díograiseach. Tá tuilleadh eolais le fáil anseo: www.cavanbox.ie.

Trí dul i mbun oibre le CavanBox faoin gclár seo, beidh tú ag foghlaim ón tríocha cúig bliain atá caite againn ag fás go leanúnach san earnáil seo agus ónár dtaithe ar an tréimhse sin. Beidh tú ar dhuine d’fhoireann thábhachtach a mbeidh mar mhisean aici bonn custaiméirí na cuideachta sa 32 chontae a leathnú, ag déanamh maith den uailmhian atá againn gnó na cuideachta a dhúbailt sna cúig bliana atá le teacht. Bainfidh tusa tairbhe as chomh maith is a éireoidh linne.

Forléargas ar na bPost

Cé gur printíseacht díolacháin é seo, beidh cion den oiliúint ina hoiliúint allamuigh faoi threoir na cuideachta agus déanfaidh MSLETB an ghné teastaithe a riar. Beidh na Feidhmeannaigh nua Dhíolacháin mar chuid den fhoireann díolacháin reatha agus is í an straitéis a ghlacfar cliaint nua a fhorbairt sna críocha ina bhfuilimid faoi láthair ar oileán na hÉireann chomh maith le i gcríocha nua. Chomh maith le bheith ag obair in éineacht leis an bPríomhfheidhmeannach agus leis an mBainisteoir Díolacháin beidh teacht agat freisin ar mheantóir díolacháin cáilithe ar leith a oibreoidh in éineacht leat chun cuidiú na cleachtais díolacháin is fearr a chur i bhfeidhm agus an méid atá tú a fhoghlaim a chur i bhfeidhm.

Cé go mbeidh tú i gceannas ar réigiún ar leith (réigiún an Iarthair, ceantair Ghaeltachta san áireamh), beidh tú freisin mar chuid d'fhoireann díolacháin níos leithne agus ag obair mar dhuine d'fhoireann. Leis an leagan amach seo, beidh ar do chumas do cheird a fhoghlaim agus ag an am céanna beidh deis cheart agat ón gcéad lá ioncam breise a shaothrú bunaithe ar d'fheidhmíocht phearsanta agus ar fheidhmíocht na cuideachta.

Cuspóir Foriomlán an Phoist

- Foghlaim le bheith i d'Fheidhmeannach Díolacháin gairmiúil
- Cáilíocht acadúil a bhaint amach
- Bonn nua cliant a thabhairt chun cinn
- Forás a chur faoi do ghairm le CavanBox
- Airgead a dhéanamh lena linn

Freagrachtaí

- A bheith cuntasach maidir le cliaint nua a aimsiú i do réigiún
- Do shruth díolacháin a bhainistiú
- Scileanna, próisis agus nósanna díolacháin a fhoghlaim d'fhonn deiseanna a cháiliú
- Foghlaim chun cliaint ionchais a dhéanamh d'ábhar cliaint agus ina gcustaiméirí ina dhiaidh sin
- Gach príomhtháscaire feidhmíochta (KPI) a chomhlíonadh agus a shárú chomh maith le spriocanna teacht isteach

Príomhtháscairí Feidhmíochta & Príomhchuspóirí

Beidh cuspóirí nó spriocanna seachtainiúla, míosúla, sa ráithe nó bliantúla ag gabháil leis na meadarachtaí seo a leanas agus is iad sin na príomhtháscairí a mbainfear leas astu chun feidhmíocht a thomhas.

- Cúram do chustaiméirí
- Cliaint nua a aimsítear
- Cliaint atá ann a bhainistiú
- Teacht isteach a ghintear ó dhíolachán
- Cruinnithe duine ar dhuine
- An sruth díolacháin a bhainistiú
- Ábhar cliaint a aimsiú
- Taighde margaidh/ionchais
- Riarachán díolacháin lena n-áirítear taifid chruinne a choinneáil an t-am ar fad ar uirlisí Bainistíocht ar Chaidreamh le Custaiméirí (CRM) na cuideachta

Príomhinniúlachtaí

- Díograis agus díocas - ní mór duit a bheith sásta iarracht ar leith a dhéanamh chun do chuid spriocanna agus cuspóirí a bhaint amach
- Lán-dírithé - do chuid spriocanna a bhaint amach agus airgead a dhéanamh
- A bheith go deas - ceannóidh daoine ó dhaoine is maith leo
- Teachnt aniar - an cumas aghaidh a thabhairt ar dhúshláin agus brúnna agus dul i ngleic le slánachair nó iad a bhainistiú
- Obair i gcomhar - an cumas comhoibriú le daoine eile, malairt tuairimí a chur in iúl agus a réiteach go tapa/le chéile
- Tiomanta fadhbanna a réiteach lena chinntiú nach mbeidh tionchar acu ar chuspóirí
- Scileanna pleanála den chéad scoth chomh maith le scileanna bainistíochta tionscadail agus tosaíochta
- Scileanna cumarsáide den chéad scoth idir scríofa agus labhartha
- A bheith ábalta oibriú as do stuaim féin chomh maith le bheith i do bhall foirne
- An cumas fadhbanna a réiteach agus a bheith grinn i gcúrsaí gnó

Riachtanais Oideachais

- Ní mór d'iarrthóirí a bheith 18 mbliana d'aois nó níos sine
- Ní mór Gaeilge líofa a bheith ag iarrthóirí
- Ní mór Grád O6/H7 a bheith bainte amach ag iarrthóirí i 5 ábhar ardteiste (Mata agus Béarla san áireamh)
- Ní mór ceadúnas tiomána glan, bailí a bheith ag iarrthóirí

Pacáiste

Áirítear ar roinnt de na sochair a bhaineann leis an bpost seo:

- Bunphá €22,000
- Tuilleamh de réir sprice (OTE) idir €35,000 agus €45,000
- Bónas Feidhmíochta Pearsanta
- Bónas Feidhmíochta Cuideachta
- Carr Cuideachta
- Cúram Sláinte
- Pinsean
- Sochair eile cuideachta
- Cáilíocht QQI Leibhéal 6 i nDíolachán
- Post lánaimseartha agus gairm sa bhfadtearma le CavanBox

Sonraí maidir leis an Iarratas

Más mian leat gairm a bhaint amach i ndíolachán agus a bheith “ag foghlaim agus ag saothrú” ag an am céanna, seol do CV nó do Phróifíl Phearsanta chuig: careers@cavanbox.ie.

- Déanfaidh CavanBox agallaimh a shocrú i dtús Mheán Fómhair.
- Déanfaidh MSLETB iarrthóirí a n-éireoidh leo a scagadh lena dheimhniú go bhfuil siad incháilithe
- Táthar ag súil go gcuirfead tús leis an gcúrsa an 14 Meán Fómhair